Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Aibreán 2025**
**(OR. en)**

**8318/25**

**EF 121**
**ECOFIN 472**
**DELACT 49**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 2287 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 23.4.2025 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha agus na táscairí atá le húsáid ag ÚBE chun a chinneadh ar tharla imthosca urghnácha de réir bhrí Airteagal 325az(5) agus Airteagal 325bf(6) den Rialachán sin |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 2287 final.

Faoi iamh: C(2025) 2287 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.4.2025
C(2025) 2287 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 23.4.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha agus na táscairí atá le húsáid ag ÚBE chun a chinneadh ar tharla imthosca urghnácha de réir bhrí Airteagal 325az(5) agus Airteagal 325bf(6) den Rialachán sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Le hAirteagal 325az(10) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('an Rialachán'), tugtar de chumhacht don Choimisiún, tar éis don Údarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE) dréachtchaighdeáin a chur isteach, agus i gcomhréir le hAirteagail 10 go 14 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, gníomhartha tarmligthe lena sonraítear na coinníollacha agus na táscairí atá le húsáid ag ÚBE chun a chinneadh arbh ann d'imthosca urghnácha.

I gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 lena mbunaítear ÚBE, cinnfidh an Coimisiún laistigh de 3 mhí tar éis na dréachtchaighdeáin a fháil cé acu a dhéanfaidh sé nó nach ndéanfaidh sé na dréachtaí a tíolacadh a fhormhuiniú. Ina theannta sin, féadfaidh an Coimisiún gan na dréachtchaighdeáin a fhormhuiniú ach go páirteach, nó iad a fhormhuiniú maille le leasuithe, i gcás ina n-éilítear amhlaidh ar mhaithe le leasanna an Aontais, ag féachaint don nós imeachta sonrach a leagtar síos sna hAirteagail sin.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 10(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, rinne ÚBE comhairliúchán poiblí maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 325az(10) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ('an Rialachán'). Foilsíodh páipéar comhairliúcháin ar shuíomh idirlín ÚBE an 3 Lúnasa 2023, agus dúnadh an comhairliúchán an 3 Samhain 2023. Thairis sin, d'iarr ÚBE ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta, a bunaíodh i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, comhairle a thabhairt ina leith. In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, chuir ÚBE míniú isteach faoin gcaoi ar cuireadh toradh na gcomhairliúchán sin san áireamh agus na dréachtchaighdeáin theicniúla chríochnaitheacha a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin á bhforbairt.

In éineacht leis na dréachtchaighdeáin theicniúla, agus i gcomhréir le hAirteagal 10(1), an tríú fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, chuir ÚBE a mheasúnú tionchair isteach, lena n- áirítear an anailís a rinne sé ar na costais agus ar na sochair a bhaineann leis na dréachtchaighdeáin theicniúla arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin. Tá an anailís sin le fáil ag https://www.eba.europa.eu/legacy/regulation-and-policy/regulatory-activities/market-counterparty-and-cva-risk/regulatory, leathanaigh 11-14 den Tuarascáil Chríochnaitheach ar na dréachtchaighdeáin theicniúla.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

I gcomhréir le hAirteagal 325bf(6) agus Airteagal 325az(5) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1623, féadfaidh na húdaráis inniúla cead a thabhairt d'institiúidí maolú ar cheanglais áirithe de chuid an chreata rialála maidir le samhlacha inmheánacha a úsáid, nó leagan níos boige de na ceanglais sin a chur i bhfeidhm, i gcás inarb ann d'imthosca urghnácha. I gcomhréir le hAirteagal 325az(9) de CRR, is é ÚBE a chinnfidh an ann d'imthosca urghnácha, agus ní mór dó tuairim a eisiúint chuige sin.

Bunaítear leis an ngníomh tarmligthe creat ardleibhéil chun cás inarb ann d'imthosca urghnácha a shainaithint, trí na coinníollacha is gá a chomhlíonadh agus na táscairí a úsáidfidh ÚBE chun a chinneadh an ann d'imthosca urghnácha a leagan amach.

Foráiltear leis an ngníomh tarmligthe go bhféadfaí imthosca urghnácha a aithint i gcás ina bhfuil strus suntasach ar an margadh airgeadais trasteorann, nó athrú mór ar an gcóras a

bhaineann le leibhéal comhchosúil struis (e.g. géarchéim leachtachta), a d'fhéadfadh toradh na gceanglas cúltástála agus sannta brabúis agus caillteanais a fhágáil míchuí.

A mhéid a bhaineann leis na táscairí atá le húsáid chun cás inarb ann d'imthosca urghnácha a shainaithint, beartaítear leis an ngníomh tarmligthe gur cheart táscairí luaineachta, lena n-áirítear táscairí luaineachta réadaithe, agus táscairí comhghaolúcháin, ar a laghad, a mheas. Ba cheart a chur san áireamh sa mheasúnú freisin cé chomh tapa agus a tháinig an strus airgeadais chun cinn nó a tharla an t-athrú ar an gcóras. Is féidir táscairí agus tosca eile atá ionadaíoch ar chineál an struis nó an athraithe ar an gcóras nó a léiríonn a gcineál a chur san áireamh freisin.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 23.4.2025**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear na coinníollacha agus na táscairí atá le húsáid ag ÚBE chun a chinneadh ar tharla imthosca urghnácha de réir bhrí Airteagal 325az(5) agus Airteagal 325bf(6) den Rialachán sin**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012[1], agus go háirithe Airteagal 325az(10), an tríú fomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De réir Choiste Basel um Maoirseacht ar Bhaincéireacht le haghaidh priacal margaidh, féadfaidh na húdaráis inniúla cead a thabhairt d’institiúidí i gcásanna eisceachtúla gan ceanglais áirithe de chuid chur chuige malartach na samhlacha inmheánacha a chomhlíonadh i ndáil leis na ceanglais chúltástála agus sannta brabúis agus caillteanais. I gcomhréir leis an bprionsabal a bhunaítear leis na caighdeáin sin, níor cheart a mheas go bhfuil imthosca eisceachtúla leitheadach ach amháin i gcás ina bhfuil strus mór ar an margadh airgeadais trasteorann, nó i gcás ina bhfuil athrú mór ar an gcóras, a dhéanann difear ábhartha d’institiúidí ar fud an Aontais.

(2) Institiúidí gan a bheith in ann na ceanglais chúltástála a leagtar amach in Airteagal 325bf(3) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, nó an ceanglas sannta brabúis agus caillteanais a leagtar síos in Airteagal 325bg den Rialachán sin, a chomhlíonadh mar gheall ar theagmhais nach bhfuil neart acu orthu agus ar choinníoll nach n-eascraíonn neamhchomhlíonadh na gceanglas sin as easnaimh ar an tsamhail inmheánach, ba cheart é sin a bheith ina choinníoll breise le go measfaí imthosca urghnácha a bheith leitheadach.

(3) Bunófar an chúltástáil agus an tástáil sannta brabúis agus caillteanais araon ar shonraí le haghaidh na 250 lá gnó roimh an dáta tagartha dá ndéantar an tástáil shonrach. Ba cheart, dá bhrí sin, imthosca urghnácha a shainaithint i gcás ina n-áirítear tréimhse ina bhfuil strus mór, go hiomlán nó go páirteach sa tréimhse 250 lá gnó sin, ar an margadh airgeadais trasteorann, nó athrú mór ar an gcóras, ina ndéantar difear ábhartha d’institiúidí ar fud an Aontais agus ina gcruthaítear eisceachtaí nach n-eascraíonn as easnaimh ar an tsamhail inmheánach.

(4) Na gnéithe de ghéarchéim as a n-eascraíonn strus suntasach ar an margadh airgeadais trasteorann, nó athrú mór ar an gcóras, a dhéanann difear ábhartha d’institiúidí ar fud

[1] IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj.

an Aontais, is gnéithe uathúla iad i ngach géarchéim nó athrú ar an gcóras den sórt sin. Ní bheadh sé iomchuí, dá bhrí sin, tacar uileghabhálach táscairí a leagan síos ar bhealach saintreorach a mheasfaí a bheith leordhóthanach i gcónaí chun cineál agus déine strus an mhargaidh airgeadais nó an aistrithe mhóir ar an gcóras atá ar tí tarlú a léiriú. Maidir le méadú suntasach ar an leibhéal luaineachta, le hathruithe ar leibhéil chomhghaolúcháin, agus leis an tslí go dtagann an strus suntasach ar an margadh airgeadais trasteorann nó an t-athrú mór ar an gcóras airgeadais chun cinn go han-tapa agus go han-tobann, ba cheart a mheas ar bhonn na taithí gur tréithe coitianta de chuid staideanna neamhghnáthacha atá iontu, áfach. Mar sin féin, d’fhéadfadh sé nach leor astu féin méadú tobann ar an leibhéal luaineachta nó athruithe ar na leibhéil luaineachta chun cás a shaintréithriú mar cheann ina bhfuil strus suntasach ar an margadh airgeadais trasteorann nó athrú mór ar an gcóras agus, dá bhrí sin, níor cheart imthosca urghnácha dá dtagraítear in Airteagal 325az(5) agus Airteagal 325bf(6) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a shainaithint go huathoibríoch mar thoradh orthu.

(5) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála arna gcur faoi bhráid an Choimisiúin ag an Údarás Baincéireachta Eorpach.

(6) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d’fhéadfadh a bheith ag baint leo agus d’iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2],

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Na coinníollacha agus na táscairí atá le húsáid ag ÚBE chun a mheasúnú arbh ann d’imthosca urghnácha**

1. Measfaidh ÚBE gur tréimhse inarb ann d’imthosca urghnácha atá in aon tréimhse 250 lá gnó a úsáideann institiúidí chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na ceanglais chúltástála a leagtar amach in Airteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó ceanglais na tástála sannta brabúis agus caillteanais a leagtar amach in Airteagal 325bg den Rialachán sin, i gcás ina bhfuil tréimhse ama sa tréimhse sin ar chinn ÚBE ina leith go gcomhlíontar gach ceann de na coinníollacha seo a leanas:

   (a) gur breathnaíodh strus suntasach ar an margadh airgeadais trasteorann faoi deara nó gur tháinig athrú mór ar an gcóras;

   (b) gur dócha go bhfágfaidh an strus suntasach ar an margadh airgeadais trasteorann nó an t-athrú mór ar an gcóras dá dtagraítear i bpointe (a) nach mbeidh toradh na cúltástála a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 nó toradh na tástála sannta brabúis agus caillteanais a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 325bg den Rialachán sin ionadaíoch ar leordhóthanacht na samhla inmheánaí chun na ceanglais cistí

[2] Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2010/1093/oj).

dílse a ríomh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh i gcás ina mbaineann torthaí na dtástálacha sin le heasnaimh ar an tsamhail inmheánach.

2. Agus é ag measúnú ar comhlíonadh na coinníollacha a shonraítear i mír 1, cuirfidh ÚBE táscairí san áireamh atá ionadaíoch ar an strus suntasach ar an margadh airgeadais trasteorann nó ar an athrú mór ar an gcóras, nó a léiríonn a gcineál, lena n-áirítear gach ceann díobh seo a leanas:

(a) torthaí anailís ar innéacsanna luaineachta, agus táscairí luaineachta réadaithe, a mheasann ÚBE a bheith oiriúnach chun cineál an struis mhóir sin ar an margadh airgeadais trasteorann nó an athraithe mhóir sin ar an gcóras a ghabháil;

(b) torthaí measúnú lena chinneadh an raibh an strus mór sin ar an margadh airgeadais trasteorann nó an t-athrú mór sin ar an gcóras ina gcúis le leibhéil luaineachta atá inchomparáide leis na leibhéil a breathnaíodh le linn na géarchéime airgeadais domhanda nó phaindéim COVID-19, nó níos mó ná iad, nó an raibh athrú coibhneasta ar na leibhéil luaineachta i gceist leo atá inchomparáide leis an athrú a breathnaíodh le linn na géarchéime sin nó na paindéime sin;

(c) torthaí measúnú ar a thapa a tháinig an strus mór ar an margadh airgeadais trasteorann chun cinn nó a tharla an t-athrú mór ar an gcóras;

(d) torthaí anailís ar chomhghaolúcháin ábhartha agus ar tháscairí comhghaolúcháin, lena n-áirítear measúnú ar cé acu ar breathnaíodh nó nár breathnaíodh athrú tobann mór ar leibhéal an chomhghaolúcháin.

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (c) den Airteagal seo, maidir leis an gcúltástáil a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 325bf de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, cuirfidh ÚBE san áireamh go háirithe an bhfuil, agus a mhéid atá, na saintréithe staidrimh a breathnaíodh le linn thréimhse an struis mhóir ar an margadh airgeadais trasteorann nó an athraithe mhóir ar an gcóras éagsúil leo siúd a breathnaíodh le linn na tréimhse tagartha a úsáideann institiúidí chun an uimhir luacha faoi phriacal a chalabrú.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 23.4.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*